2025.M23T

2025L005G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## Dé hAoine 6 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A hAON** | Ceisteanna Gearrfhreagra | **100 marc** |
| | Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith. | |
| | Tá na ceisteanna go léir ar cómharc. | |

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A DÓ** | Ceisteanna Struchtúrtha | **300 marc** |

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)

Is féidir an tríú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.


## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Teicteonaic Plátaí**




Arna chur in oiriúint ó internetgeography.net


Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar struchtúr an domhain agus freagair an cheist seo a leanas.

Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Sruth comhiompair | |
| Pláta fodhuchtaithe | |
| An croí | |
| Screamh ilchríochach | |
| Plátaí ag scaradh ó chéile | |

**[10m]**

## 2. Tírdhreach Carstach




Arna chur in oiriúint ó tripadvisor.com

Scrúdaigh an fótagraf thuas ina dtaispeántar gnéithe carstacha agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Aolchoinneal | |
| Colún/Gallán | |
| Aolchuisne | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(a) Foirmítear na gnéithe atá léirithe san fhótagraf thuas mar thoradh ar shíonchaitheamh fisiceach/meicniúil.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Foirmítear na gnéithe san fhótagraf thuas faoin talamh.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[10m]**

**3. Próisis Dromchla**



www.en.wikipedia.org



www.nationalgeographic.com



www.dalesrocks.org.uk



www.sandatlas.org

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Carraig chorr oighreach | |
| U-ghleann | |
| Staca farraige | |
| V-ghleann | |


(ii) Cén ceann de na próisis seo a leanas is mó a luaitear le foirmiú staca farraige?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Creimeadh ☐

Síl-leagan ☐

**[10m]**

## 4. Carraigeacha




Arna chur in oiriúint ó www.geology.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas chun an tábla thíos a chomhlánú. Tá cuid den tábla comhlánaithe duit.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcineál carraige sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir in iúl cé acu bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach í gach ceann de na cineálacha carraige.

| **C.4 (i) Litir** | **Cineál carraige** | **C.4 (ii) Bruthcharraig/Carraig dhríodair/Carraig mheiteamorfach** |
|---|---|---|
| **A** | Gaineamhchloch | |
| | Marmar | |
| **D** | Eibhear | |
| | Slinn | **Meiteamorfach** |

**[10m]**

**5. Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén limistéar de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ina bhfuil Loch Coirib suite? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Thiar theas ☐

Thoir thuaidh ☐

(ii) Céard é an t-achar go neasach de Loch Coirib atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

7 $km^2$ ☐

12 $km^2$ ☐

**[10m]**

**6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an ghné a thaispeántar ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

| |
|---|
| M 144 421: |
| M 037 445: |
| M 124 422: |

(ii) Céard dó a seasann an litir N maidir leis an mbóthar N59?

| |
|---|
| |

(iii) Sa spás thíos, tarraing an tsiombail a bhíonn ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis le haghaidh ionad dearctha.

**[10m]**

**7. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (i) | Tá loch sa tulra ar dheis. | ☐ | ☐ |
| (ii) | Tá páirc pheile sa chúlra ar chlé. | ☐ | ☐ |
| (iii) | Tá limistéar de choillearnach sa tulra ar dheis. | ☐ | ☐ |
| (iv) | Tá carrchlós sa lár ar dheis. | ☐ | ☐ |
| (v) | Tá eastát tithíochta sa tulra láir. | ☐ | ☐ |

**[10m]**

**8. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart i ngach cás sa tábla thíos chun an **cineál réigiúin** a mheaitseáil leis an **sampla den réigiún** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cineál réigiúin |
|---|---|
| **A** | Réigiún riaracháin |
| **B** | Réigiún cultúrtha in Éirinn a shainmhínítear de réir teanga |
| **C** | Réigiún geomoirfeolaíoch |
| **D** | Réigiún Cathrach/Uirbeach |
| **E** | Réigiún aeráide |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| An Ghaeltacht | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |
| Comhairle Contae Longfoirt | |
| An Bhruiséil | |
| Boirinn | |

**[10m]**

**9. An tAontas Eorpach**

Baill Reatha an Aontais Eorpaigh agus an bhliain ar ghlac siad ballraíocht ann

| Bliain | Tíortha | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1957 | An Bheilg<br>An Fhrainc | An Ghearmáin<br>An Iodáil | Lucsamburg<br>An Ísiltír | |
| 1973 | An Danmhairg | Éire | | |
| 1981 | An Ghréig | | | |
| 1986 | An Phortaingéil | An Spáinn | | |
| 1995 | An Ostair | An Fhionlainn | An tSualainn | |
| 2004 | An Chipir<br>An Ungáir<br>Málta | An tSeicia<br>An Laitvia<br>An Pholainn | An Eastóin<br>An Liotuáin<br>An tSlóvaic | An tSlóivéin |
| 2007 | An Bhulgáir | An Rómáin | | |
| 2013 | An Chróit | | | |

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an bhliain ar ghlac gach ball reatha ballraíocht san Aontas Eorpach agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén bhliain ar ghlac Éire ballraíocht san Aontas Eorpach?

(ii) Cé mhéad tír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach in 1995?

(iii) Cén tír is deireanaí a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach?

(iv) Cén bhliain ar ghlac deich dtír ballraíocht san Aontas Eorpach?

(v) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach.

**[10m]**

**10. Cairteacha Aimsire**

(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na siombailí ón gcairt aimsire a mheaitseáil leis an ngné den aimsir is fearr a mheaitseálann í.

| Litir | Siombail |
|---|---|
| **A** | L |
| **B** |  |
| **C** |  |
| **D** | H |

| Gné den Aimsir | Litir |
|---|---|
| Fronta te | |
| Córas Ardbhrú | |
| Córas Lagbhrú | |
| Fronta oclúidithe | |

(ii) Cén t-ainm eile atá ar chóras ardbhrú?

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Lagrach ☐

Frithchioclón ☐

**[10m]**

**11. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Arna chur in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina bhfuil eolas faoi fhostaíocht, gairmeacha agus timaistriú in Éirinn in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán (%) de lucht saothair na hÉireann a bhí ag obair ón mbaile?

(ii) Cén limistéar in Éirinn ina raibh an céatadán (%) ab ísle de dhaoine ag obair ón mbaile?


(iii) Cén príomhbhealach a bhí ag daoine le timaistriú chun na hoibre?

(iv) Cé mhéad duine a bhí fostaithe in 2022?

(v) Luaigh iarmhairt **amháin** don tír a bhaineann le líon mór daoine a bheith ar scor in Éirinn.

**[10m]**

**12. Léirmhíniú satailíte**




Arna chur in oiriúint ó www.earthobservatory.nasa.gov

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Sliabh Elbrus sa Rúis, a bhfuil caidhp shneachta air | |
| An Spéirling Debby, Stáit Aontaithe Mheiriceá | |
| Bolcán Anak Krakatoa, An Indinéis | |
| Abhainn Kura, An Asarbaiseáin | |

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar bholcán nár bhrúcht le tamall fada ach a d'fhéadfadh brúchtadh arís?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Suanach ☐

Marbh ☐

**[10m]**


# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graf agus sna léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 6 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine, 6 Meitheamh    Maidin 9:30 – 12:20

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)

Is féidir an tríú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá gach ceist ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch Coirib
- Bóthar an N59
- Limistéar ina bhfuil foraois bhuaircíneach ar an taobh thoir theas den léarscáil
- An limistéar ar fad de thalamh atá os cionn 200 méadar ag M 03 42
- Oileán Inis Seanbhotha (*Inishshanboe Island*).

**[30m]**

**1B. Forbairt Tírghnéithe**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

**1C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Bolcáin

**Gníomhaíocht Bholcánach i Haváí, Stáit Aontaithe Mheiriceá**



Tuigtear ar fud an domhain gur oileán bolcánach gníomhach é Haváí, atá suite san Aigéan Ciúin.

Tá Haváí suite ag pointe te agus bíonn brúchtaí bolcánacha ansin go minic. Is é an pointe te is cúis leis na brúchtaí seo.

Tá bolcán Kilauea, atá suite sa taobh thoir theas den oileán, ar cheann de na bolcáin is gníomhaí ar domhan. Bhrúcht sé trí huaire in 2024.

Ó thaobh na turasóireachta de i Haváí, tá tóir mhór ar na bolcáin agus mealltar a lán turasóirí go dtí an t-oileán gach bliain dá mbarr. Mar sin féin, cuireadh roinnt turas ar ceal in 2024 toisc gur bhrúcht gáis thocsaineacha agus deatach as Kilauea.

Arna chur in oiriúint ó www.nps.gov

Scrúdaigh an tuairisc thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-aigéan ina bhfuil Haváí suite?

(ii) Cad is cúis leis na brúchtaí a luaitear san alt?

(iii) Cé mhéad uair a bhrúcht Kilauea in 2024?

(iv) Liostaigh **dhá** iarmhairt a bhaineann le brúchtadh bolcánach.

(v) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a bhféadfaí an damáiste a dhéanann brúchtadh bolcánach a theorannú.

**[30m]**

### 2B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de charraigeacha dríodair.

(ii) Luaigh **dhá** úsáid atá ag carraigeacha dríodair.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

### 2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn an duine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## Ceist 3


### 3A. Próisis Dromchla



www.booking.com



www.worldofwaterfalls.com



www.britannica.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** ar na fótagraif thuas, leis an ngné is fearr a mheaitseálann í as an liosta thíos:

- Eas
- Sciorradh talún
- Trá.

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** ar na fótagraif thuas, leis an bpróiseas as an liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na gné san fhótagraf.

- Sil-leagan cósta
- Creimeadh abhann
- Ollghluaiseacht.

(iii) Ainmnigh próiseas **amháin** a bhaineann le creimeadh abhann.

(iv) Mínigh go hachomair an próiseas a bhaineann le *síobadh feadh cladaigh*.

**[30m]**

### 3B. Síonchaitheamh

(i) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a mbíonn tionchar acu ar shíonchaitheamh.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha síonchaithimh seo a leanas:

- Gníomhaíocht reo is coscartha
- Carbónáitiú
- Síonchaitheamh oinniúnach.

**[40m]**

### 3C. Teicteonaic Plátaí

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de phlátaí teicteonacha.

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál teorann plátaí.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar a dtarlaíonn ag teorainneacha plátaí. **[30m]**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Réigiún Eorpach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- **Dhá** bhaile mór ainmnithe nó chathair ainmnithe sa réigiún sin
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**[30m]**

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún in Éirinn**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sin.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo sa réigiún sin.

**[40m]**

**4C. Réigiúin agus Cultúr**

Is minic a mhúnlaíonn na tosca seo a leanas an cultúr i réigiún:


| | | |
|---|---|---|
| Reiligiún | Teanga | Polaitíocht |
| Ceol/Damhsa | Spórt/Cluichí | |

Tabhair cur síos agus míniú ar an tábhacht a bhaineann le cultúr i réigiún **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Talmhaíocht in Éirinn




Arna chur in oiriúint ó www.teagasc.ie

Scrúdaigh an chairt thuas ina dtaispeántar meánmhéid na bhfeirmeacha in Éirinn ina heicteáir (ha) in 2023 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén cineál feirme a raibh an mheánmhéid ab ísle inti?

(ii) Cén mheánmhéid (ina heicteáir) a bhí sna feirmeacha curaíochta?

(iii) Ríomh an difríocht (ina heicteáir) a bhí idir meánmhéid na bhfeirmeacha déiríochta agus meánmhéid na bhfeirmeacha caorach.

(iv) Luaigh **dhá** tháirge a dhéantar as aschur feirme déiríochta.

(v) Mínigh go hachomair an tábhacht a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht i ngeilleagar na hÉireann.

**[30m]**

### 5B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Eorpach

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na cúiseanna a mealltar **turasóirí** go dtí an réigiún
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Forbairt **iompair** sa réigiún.

**[40m]**

### 5C. Fadhbanna Réigiúnacha

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** fhadhb atá ag réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Fostaíocht san Eoraip

Céatadán (%) an Phobail Oibre i dTíortha roghnaithe san Aontas Eorpach, 2023

| Tír | An Pobal Oibre Iomlán (%) | Pobal Oibre na bhFireannach (%) | Pobal Oibre na mBaineannach (%) |
|---|---|---|---|
| An Ísiltír | 83 | 87 | 80 |
| Éire | 79 | 84 | 74 |
| An Fhionlainn | 78 | 78 | 78 |
| An Iodáil | 66 | 76 | 57 |

Arna chur in oiriúint ó www.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina bhfuil eolas faoin gcéatadán (%) den phobal oibre a bhí fostaithe i dtíortha roghnaithe san Aontas Eorpach in 2023 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán (%) de phobal oibre na bhfireannach in Éirinn a bhí fostaithe?

(ii) Cén tír ina raibh 78% de phobal oibre na mbaineannach fostaithe?

(iii) Ríomh an difríocht idir an céatadán (%) de phobal oibre na bhfireannach agus an céatadán (%) de phobal oibre na mbaineannach a bhí fostaithe san Iodáil.

(iv) Luaigh **dhá** thairbhe a bhaineann tír as céatadán ard den phobal oibre bheith fostaithe.

(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a mbíonn an céatadán d'fhireannaigh a bhíonn fostaithe go minic níos airde ná an céatadán de bhaineannaigh a bhíonn fostaithe.

**[30m]**

### 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Ilchríochach / Fo-lchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

(ii) Mínigh na buntáistí a bhaineann leis an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil sa réigiún sin.

**[40m]**

### 6C. Réigiúin Uirbeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna a bhí le fás limistéir uirbigh **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 7

### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch sa chúlra
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile sa tulra ar chlé
- Páirc a úsáidtear le haghaidh talmhaíochta sa chúlra ar dheis
- Foirgneamh tionsclaíoch i lár an talaimh láir
- Páirc spóirt.

**[30m]**

### 7B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil atá mar thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

(ii) Mínigh cúiseanna **agus** iarmhairtí thruailliú sin an chomhshaoil.

(iii) Déan cur síos ar an mbealach a bhféadfaí truailliú sin an chomhshaoil a laghdú.

**[40m]**

### 7C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt **cheann amháin** de na gníomhaíochtaí geilleagracha seo a leanas agus tagairt á déanamh agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí Airgeadais
- Tionscail seirbhíse agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Fostaíocht in Éirinn

Líon na bpost nua a chruthaigh an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT, *IDA* sa Bhéarla) i gcontaetha roghnaithe in 2018, 2020 agus in 2022

| Contae | 2018 | 2020 | 2022 |
|---|---|---|---|
| An Cabhán | 16 | 30 | 39 |
| Baile Átha Cliath | 13,035 | 12,174 | 17,207 |
| Luimneach | 1,491 | 787 | 1,125 |
| Ros Comáin | 126 | 120 | 126 |

Arna chur in oiriúint ó www.oireachtas.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar líon na bpost nua a chruthaigh an GFT i gcontaetha roghnaithe in 2018, 2020 agus in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad post nua a cruthaíodh i Luimneach in 2020?

(ii) Cén contae inar cruthaíodh an líon ba lú post nua in 2018?

(iii) Cén contae inar cruthaíodh 126 post nua in 2022?

(iv) Ríomh an difríocht idir líon na bpost nua a cruthaíodh i mBaile Átha Cliath in 2020 agus in 2022.

(v) Mínigh go hachomair an chúis a bhfuil líon na bpost nua a cruthaíodh i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach i bhfad níos airde ná líon ba bpost nua a cruthaíodh sa Chabhán agus i Ros Comáin.

**[30m]**

### 8B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir i gcás gur tugadh an tasc duit suíomh oiriúnach a fháil do mhonarcha nua taobh istigh den limistéar atá clúdaithe sa léarscáil.

(i) Luaigh, ag baint úsáid as tagairt eangaí sé fhigiúr, cá lonnófá an mhonarcha.

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh sin.

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le lonnú na monarchan ag an suíomh sin.

**[40m]**

### 8C. Coilíneachas

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** atá i mbéal forbartha agus a ndearnadh coilíniú air **agus** ainmnigh an tír a rinne an coilíniú air.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na tionchair a bhí ag an gcoilíneachas ar an ngeilleagar sin atá i mbéal forbartha.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Geilleagar na hÉireann

Clárúcháin Carranna Nua in Éirinn in 2023 de réir Cineál Innill

| Cineál Innill | Céatadán (%) den Mhargadh |
|---|---|
| Peitreal | 30 |
| Díosal | 22 |
| Hibrid Pheitril/Díosail | 21 |
| Leictreach | 18 |
| Hibrid Inluchtaithe Peitril/Díosail | 9 |

Arna chur in oiriúint ó www.simi.ie

Scrúdaigh na sonraí thuas a bhaineann le clárúcháin carranna nua in Éirinn in 2023 de réir cineál innill agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair an bhrí atá leis an téarma *fuinneamh in-athnuaite.*

**[30m]**

### 9B. Cuideachta Ilnáisiúnta

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** cuir in iúl an áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe.

(ii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin **agus** ainmnigh tír **amháin** (seachas Éire) ina ndíoltar an táirge sin.

(iii) Mínigh na buntáistí a bhaineann an chuideachta ilnáisiúnta sin as a bheith lonnaithe in Éirinn.

(iv) Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh an chuideachta ilnáisiúnta sin cinneadh a dhéanamh aistriú go tír eile.

**[40m]**

### 9C. Éire agus an tAontas Eorpach

Mínigh an tionchar a bhí ag ballraíocht san Aontais Eorpach ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Carrchlós
- An Lárcheantar Gnó (CBD)
- Séipéal
- Limistéar de thithíocht leath-scoite sa tulra láir
- Limistéar le haghaidh caitheamh aimsire.

**[30m]**

**10B. Imirce – Éire**

Tarlaíonn imirce mar thoradh ar thosca brú agus ar thosca tarraingthe.

(i) Ainmnigh toisc bhrú **amháin** agus toisc tharraingthe **amháin** a bhaineann leis an imirce.

(ii) Déan plé ar na bealaí dearfacha a dtéann an imirce i bhfeidhm ar Éirinn.

(iii) Déan plé ar na bealaí diúltacha a dtéann an imirce i bhfeidhm ar Éirinn.

**[40m]**

**10C. Plódú Tráchta**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de limistéar uirbeach ina mbíonn fadhb le plódú tráchta.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh i limistéir uirbeacha d'fhonn fadhb an phlódaithe tráchta a réiteach.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Tréithe Daonra

Figiúirí daonra do thíortha roghnaithe san AE, 2022

| Tír | Daonra iomlán (milliúin) | Dlús an Daonra (líon daoine in aghaidh gach km$^2$) | Ráta Breithe (in aghaidh 1,000 den daonra) |
|---|---|---|---|
| Éire | 5.2 | 75 | 10.4 |
| An Bheilg | 11.6 | 384 | 9.8 |
| An Liotuáin | 2.8 | 45 | 7.8 |
| An Ghréig | 10.5 | 80 | 7.3 |

Arna chur in oiriúint ó www.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar figiúirí daonra do thíortha roghnaithe san Aontas Eorpach in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard ab ea daonra (ina mhilliúin) na hÉireann?

(ii) Cén tír ina raibh an dlús daonra ab airde?

(iii) Cén tír ina raibh ráta breithe de 7.3?

(iv) Ríomh an difríocht (ina milliúin) idir daonra iomlán na Liotuáine agus daonra iomlán na Gréige.

(v) Mínigh go hachomair tionchar **amháin** atá ag rátaí breithe arda.

**[30m]**

### 11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Luaigh **trí** thoisc a bhfuil tionchar acu ar fhás na cathrach sin sa domhan i mbéal forbartha.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** fhadhb a bhaineann le fás tapa na cathrach sin sa domhan i mbéal forbartha.

**[40m]**

### 11C. Dinimic Daonra

'Bíonn tionchar ag mórán tosca ar athrú ar an daonra agus ina measc sin tá leibhéil ioncaim, cultúr agus an tsochaí agus teicneolaíocht leighis.'

Tabhair cur síos agus míniú ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar athrú ar an daonra.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Daonra Uirbeach

An Céatadán (%) de Dhaonra an Domhain a raibh Cónaí orthu i Limistéir Uirbeacha, 1982-2022

| Bliain | Céatadán (%) de Dhaonra an Domhain |
|---|---|
| 1982 | 40 |
| 1992 | 44 |
| 2002 | 48 |
| 2012 | 53 |
| 2022 | 57 |

Arna chur in oiriúint ó www.worldbank.org

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán (%) de dhaonra an domhain a raibh cónaí orthu i limistéir uirbeacha idir 1982 agus 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair iarmhairt **amháin** a bhaineann leis an gcéatadán (%) de dhaonra an domhain atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha a bheith ag méadú.

**[30m]**

### 12B. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe **dhifriúla** atá le feiceáil ar an léarscáil **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann acu.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a d’ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

**[40m]**

### 12C. Talamhúsáid Uirbeach

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Ainmnigh **dhá** thalamhúsáid sa limistéar uirbeach sin.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcaoi ar athraigh na talamhúsáidí uirbeacha sin le himeacht aimsire.

**[30m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críoch an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine, 6 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:20